



ochtapas



an fharraige

## An Fiosraitheoir

### Tasc 1
Cad é an rud is mó a thaitin leat faoin scéal seo?

### Tasc 2
Cónaíonn an t-ochtapas san fharraige. Ainmnigh 5 rud eile a chónaíonn san uisce.

Rewarding Learning

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

6 An tOchtapas Óg

Foilseachán de chuid CCEA © 2014

Curaclam Thuaisceart Éireann

# Taisce Tuisceana



# An tOchtapas Óg

# An tOchtapas Óg

Bhí **ochtapas** óg ina chónaí san **fharraige**. Bhí dath oráiste air agus bhí sé ábalta snámh go gasta. Bhí ocht gcos air a bhí iontach fada.

Chuaigh an t-ochtapas amach maidin amháin. Bhí sé ag snámh leis agus ag súgradh lena chairde. Ansin, tháinig ocras air. Ní raibh bia ar bith aige ach bhí bia ag a chairde. D'iarr sé orthu an bia a roinnt leis ach ní raibh siad sásta bheith ag roinnt. Chuir sin brón ar an ochtapas óg.

Chuaigh sé ar ais abhaile. Bhí a mhamaí ann. Dúirt sé lena mhamaí nach raibh duine ar bith sásta bheith ag roinnt leis. Thug sí bia dó. Bhí sé iontach sásta ansin. Go tobann, bhuail duine ar an doras. Chuaigh an t-ochtapas óg amach. A chara a bhí ann. Dúirt sé go raibh brón air faoin bhia. Chuir sin áthas ar an ochtapas óg. Bhí siad cairdiúil arís agus chuaigh siad amach ag snámh agus ag súgradh.



# Ceisteanna

**1. Cá raibh an t-ochtapas óg ina chónaí?**
(a) San fharraige
(b) Sa scoil
(c) Sa charr

**2. Cá mhéad cos a bhí ar an ochtapas?**
(a) Trí cinn
(b) Ocht gcinn
(c) Naoi gcinn

**3. Cá huair a chuaigh sé amach ag súgradh?**
(a) I ndiaidh am lóin
(b) San oíche
(c) Roimh am lóin

**4. Cén fáth a raibh bia de dhíth ar an ochtapas?**
(a) Bhí tuirse air
(b) Bhí fearg air
(c) Bhí ocras air

**5. Bhí an t-ochtapas óg brónach mar ní raibh duine ar bith sásta:**
(a) bheith ag súgradh leis.
(b) bia a thabhairt dó.
(c) bheith ag snámh leis.

**6. Ag deireadh an scéil seo bhí an t-ochtapas óg:**
(a) brónach.
(b) sásta.
(c) tuirseach.

